Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11059 — TOYOFUJI / NYK / KAMIGUMI / TTC / PT. PATIMBAN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 163/11)

1. An 27 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Toyofuji Shipping Co., Ltd (an tSeapáin), faoi rialú Toyota Motor Corporation,

— Nippon Yusen Kabushiki Kaisha (an tSeapáin),

— Kamigumi Co., Ltd. (an tSeapáin),

— Toyota Tsusho Corporation (an tSeapáin).

Gheobhaidh Toyota Tsusho Corporation, Toyofuji Shipping Co., Ltd, Nippon Yusen Kabushiki Kaisha agus Kamigumi Co., Ltd. rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar PT. Patimban International Car Terminal ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Toyofuji Shipping Co., Ltd cuideachta iompair mara Toyota Group, agus is i gcathair Tokai, Aichi, an tSeapáin, atá sé lonnaithe. Is cuideachta loingseoireachta rolladh ann-rolladh as é a thugann faoi ghníomhaíochtaí san Áise, i Meiriceá Thuaidh, san Aigéine agus san Eoraip.

— Is cuideachta loingseoireachta Seapánach atá gníomhach ar fud an domhain é Nippon Yusen Kabushiki Kaisha. Is in Chiyode, Tóiceo, an tSeapáin atá ceanncheathrú na cuideachta lonnaithe. Trína fhochuideachtaí agus trína chuideachtaí cleamhnaithe, oibríonn Nippon Yusen Kabushiki Kaisha flít long coimeádán, bulc-iompróirí agus iompróirí sliseanna adhmaid, iompróirí feithiclí rolladh ann-rolladh as, iompróirí GNL agus long cúrsála.

— Soláthraíonn Kamigumi Co., Ltd. seirbhísí lóistíochta agus iompair, amhail seirbhísí iompair calafoirt, iompair lasta, iompair intíre agus iompair idirnáisiúnta. Soláthraíonn sé seirbhísí monarchan ar an láthair chomh maith, amhail luchtú agus díluchtú amhábhar, rialú ábhar, luchtú lasta trádstórais agus iompar lasta throm. Tá an cuideachta gníomhach sa Téalainn, sa Mhalaeisia, sa tSín, sa Téaváin, i Vítneam, sa Bhanglaidéis, i Singeapór, san Indinéis, i Maenmar, sa Chambóid, sa Spáinn, sna Stáit Aontaithe agus i Meicsiceo. Is in Chuo-ku, Kobe, an tSeapáin, atá a cheanncheathrú.

— Is cuid den Toyota Group é Toyota Tsusho Corporation (an tSeapáin) agus tá sé gníomhach ar fud an domhain in allmhairiú agus onnmhairiú thar ceann an Toyota Group. Is i dTóiceo agus Nagoya, an tSeapáin, atá a cheanncheathrú. Is fochuideachta faoi lánúinéireacht de chuid Toyota Tsusho Corporation é PT. Patimban International Car Terminal faoi láthair. Tá sé gníomhach san Indinéis amháin, áit a n-oibríonn sé agus a mbainistíonn sé an gnólacht oibriúcháin críochfoirt feithiclí ag Patimban New International Port in Subang Regency, Iáva Thiar, an Indinéis. Tá críochfort den sórt sin á oibriú ag PT. Patimban International Car Terminal ó bhí an 17 Nollaig 2021 ann agus níl aon ghníomhaíocht eile aige i margadh na hIndinéise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11059 — TOYOFUJI / NYK / KAMIGUMI / TTC / PT. PATIMBAN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË